



Baill GUE/NGL ar Choiste Parlaimint na hEorpa ar an Timpeallacht, Sláinte Phoiblí agus Sábháilteacht Bhia



Kartika LIOTARD (NL)
Comhordaitheoir GUE/NGL



Martina ANDERSON (IE)



Sabine WILS (DE)



João FERREIRA (PT)



Jiří MAŠTÁLKA (CZ)



Alda SOUSA (PT)

Chun breis sonraí a fháil maidir leis an eolas atá sa bhileog seo, téigh i dteagmháil le Roberto Lopriore:
roberto.lopriore@europarl.europa.eu

Aontas Clé na hEorpa / Na Glasaigh Chlé Nordacha (GUE/NGL)
Parlaimint na hEorpa
rue Wiertz 43, B-1047 An Bhrúiséil
T +32-(0)228-42683
F +32-(0)228-41774

Curtha le chéile ag Aonad Cumarsáide GUE/NGL:
GUENGL-Communications@europarl.europa.eu
Grianghraf: Parlaimint na hEorpa, C. Aron, Joel Dinda
Dearadh: Dominique Boon
Clódóir: Dossche Printing
©GUE/NGL – An Bhrúiséil, 2014
Clóite ar pháipéar athchúrsáilte


Tasc AE: astúcháin a laghdú, coigiltí fuinnimh a fheabhsú agus tacú le hathnuaiteáin

Chun a bheith ar thús cadhnaíochta ag an leibhéal domhanda, ní mór don AE tréan-iarracht a thabhairt ar thairgéid níos uailmhianach a fháil maidir le laghdú astúchán, neartaithe ag beartas comhtháite ar aeráid intíre. Tá an grúpa GUE/NGL ag coinneáil brú ar an AE iarrachtaí intíre a uascéimniú go laghdú 30% ar a laghad ar GHG in 2020 i gcomparáid le 1990. Trína thairgéid a mhéadú, d'fhéadfadh an AE áitiú ar thíortha eile gníomhaíocht bhreise a ghlacadh agus spreagadh a thabhairt d'idirbheartaíocht aeráid domhanda. Ba cheart don AE a bheith chun tosaigh ag iarraidh go leabófar prionsabail follasachta, cothromais agus cothro- maíocht chóir cumhachta idir tíortha forbartha agus beagfhor- bartha in aon chóras institiúideach a phléitear ag cruinnithe COP.



AONTAS CLÉ NA HEORPA / NA GLASAIGH CHLÉ NORDACHA
PARLAIMINT NA HEORPA

Uailmhian go gníomhú: Le haghaidh bheart ceangailteach ar aeráid dhomhanda



AONTAS CLÉ NA HEORPA / NA GLASAIGH CHLÉ NORDACHA
PARLAIMINT NA HEORPA

An dúshlán: seachadadh práinneach do chomhaontú ceangailteach

Tá teipthe ar chruinnithe mullaigh i ndiaidh a chéile ar athrú aeráid tabhairt go leordhóthanach faoi bhagairtí agus chontúirtí an athraithe aeráide agus tá bac curtha acu ar dhul chun cinn i dtreo comhaontú cóir, uailmhianach a mbeidh ceangail dlí aige a bhí le cur i gcrích in 2015 ag COP21 i bPáras. Cé go léiríonn 5ú Tuarascáil Mheasúnaithe an IPCC arís eile an phráinn atá le hathrú aeráide gan smacht a sheachaint, tá an comhphobal idirnáisiúnta ag dóbartaíl ar ghníomhaíocht uailmhianach dul i ngleic leis.

Tá an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar ár saol cheana féin. Is beag nach bhfuil teorainn phláinéadach agus forbhás a éiceachórais bainte amach de réir mar a ghabhann tlús CO₂ thar 350 cuid i ngach milliún. Coinníonn astúchán domhanda air ag brú an domhain i dtreo théamh 4°C chéim os cionn leibhéal réamhthionsclaíocha faoi dheireadh an chéid seo.

Ach de réir mar a éiríonn bagairtí ar nós triomaigh, ollstoirmeacha agus tarlógaí breisithe adhaimsire níos déine, fós níl muid ag glacadh na gníomhartha ia gá chun astuithe a laghdú.

Tá an gá le haontú atá cóir, uailmhianach agus ina cheangal de réir dlí, bunaithe ar Fhreagraictáí Comónta Ach Idirdeallaithe agus Acmhainní Faoi Seach (CBDRRC), níos práinní ná riamh. Ba cheart go mbeadh scóip, struchtúr agus dearadh ar aon dul le buiséad carbóin dhomhanda choibhneasta de 1.5°C, lena n-áirítear spriocanna agus gníomhuithe taobh istigh de chreat cothrom a chuireann an tacaíocht airgeadais, theicneolaíoch agus tógála inniúlachta ar fáil do thíortha le hinniúlacht íseal.

Roimh ChOP Phárais i mí na Nollag 2015, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa brú ar an AE cur chuige níos normataí a glacadh seachas cur chuige margadhbhunaithe agus ceannasaíocht a léiríú trí arrachtaí intíre an AE a uaschéimniú go dtí laghdú 30% GHG ar a laghad in 2020 i gcomparáid le 1990 chomh maith le creat aeráide agus fuinnimh a mbeidh ceangail dlí aige faoi 2030 maidir le fuinnimh in-athnuaite agus coigiltí fuinnimh.

Cuirfidh an GUE/NGL in aghaidh mholtaí ar bith atá bunaithe ar an chomhthuiscint is ísle mar tá forbairt an ghéilleagair ísealcharbóin ina bunchuid d'athshlánú ón ghéarchéim reatha agus tubaiste aeráide a chosc.

Bunéilimh GUE/NGL

- Go dtiomnaíonn gach tír fhorbartha sprioc airgeadais phoiblí i lár téarma de \$60 billiún ar 2013-2015 agus treochlár coincreiteach \$100 billiún in aghaidh na bliana faoi 2020, trí fhoinsí breise d'airgeadas poiblí;
- Gealltanais substaintiúil láithreach go Ciste na hAeráide Glaise; don Chiste Oiriúnaithe agus do Chiste na dTíortha Íosfhorbartha (LDCanna);
- Leithdháileadh 50% ar a laghad d'airgeadas poiblí d'Oiriúnú;
- Ní mór d'Airí bealach soiléir ceangailteach a leagadh chun aontú domhanda atá cóir, uailmhianach agus ina cheangal de réir dlí a bhaint amach i bPáras (2015).



Ceartas Aeráide

Is éard atá i gceist maidir le ceartas aeráide ná comhroinnt na n-ualach míchothrom atá cruthaithe ag athrú aeráide. Is iad na tíortha íos-fhorbartha agus pobail dhúchasacha is leochaillí cheana féin ar a mbuailtear ag iarmhairtí athrú na haeráide maidir le sláinte, cothú, coinníollacha maireachtála timpeallachta, díothacht shóisialta agus maolú airgeadais agus costais oiriúnaithe. Is iad na cinn is mó ar a mbítear ag dul i bhfeidhm na cinn is lú freagracht as astúchán gás ceaptha teasa a bhíonn ag tarraingt na faidhbe, agus is minic iad fágtha as idirbheartaíocht ag an leibhéal is airde agus gá acu le rian inbhuanaitheach is daonlathach go dtí forbairt. Anuas ar ghlacadh le spriocanna uailmhianach maolaithe, ní mór don domhan forbartha:

- Meicníocht idirnáisiúnta a bhunú maidir le cailliúint agus dochar ón drochrian a fhágann athrú aeráide mar thacaíocht leis na tíortha is lú forbairt is na pobail is leochaillí chun an ceann is fearr a fháil ar bhreis dochair de bharr athrú aeráide, mar go bhfuil a leithéid d'inniúlacht oiriúnaitheach nasctha le forbairt shóisialta is eacnamaíoch a chinntíonn borradh agus díothú bochtaineachta;
- Creat a mhúnlú maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh san UNFCCC chun cuidiú le tíortha ag forbairt agus iad ag baint feidhme as teicneolaíocht in-athnuaite agus éifeachtúil trí dhóthain tacaíochta airgeadais, theicneolaíoch agus tógála inniúlachta gan iachall a chur orthu paitinní daora a cheannach;
- Breis foinsí nuálacha airgeadais a chur chun cinn, lena n-áirítear cáin idirnáisiúnta maidir le beartaíocht airgeadais agus airgeadas ó eitlíocht is loingeas idirnáisiúnta;
- Tacú le dreasachtaí bunaithe ar fheidhmiú do dhíchoilltíú sheachanta mar chuid de réimeas faoi athrú aeráide sa todhchaí;
- Maoiniú fallasach aeráide a chur ar fáil mar ghné bhunúsach, ranníocaíocht nua breise de bhreis agus thar na buiséid ODA atá ann faoi láthair, ag leithdháileadh 50% ar a laghad d'airgeadas poiblí do bhearta oiriúnaithe.